Comhairle an Aontais Eorpaigh

An Bhruiséil, 17 Nollaig 2025
(OR. en)

16981/25

STATIS 106

**NÓTA CLÚDAIGH**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaí an Choimisiúin Eorpaigh, arna s(h)íniú ag Martine DEPREZ, Stiúrthóir |
| dáta a fuarthas: | 16 Nollaig 2025 |
| chuig: | Thérèse BLANCHET, Ardrúnaí Chomhairle an Aontais Eorpaigh |
| Uimh. an doic. ón gCoim.: | COM(2025) 766 final |
| Ábhar: | TUARASCÁIL ÓN gCOIMISIÚN CHUIG PARLAIMINT NA hEORPA AGUS CHUIG AN gCOMHAIRLE<br>i dtaca le staitisticí a thiomsaítear de bhun Rialachán (CE) Uimh. 2150/2002 maidir le staitisticí dramhaíola agus a gcáilíocht |

Gheobhaidh na toscaireachtaí i gceangal leis seo doiciméad COM(2025) 766 final.

---

Faoi iamh: COM(2025) 766 final

AN COIMISIÚN
EORPACH

An Bhruiséil, 16.12.2025
COM(2025) 766 final

**TUARASCÁIL ÓN gCOIMISIÚN CHUIG PARLAIMINT NA hEORPA AGUS CHUIG AN gCOMHAIRLE**

**i dtaca le staitisticí a thiomsaítear de bhun Rialachán (CE) Uimh. 2150/2002 maidir le staitisticí dramhaíola agus a gcáilíocht**

GA GA

## 1. Réamhrá

Le Rialachán (CE) Uimh. 2150/2002 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 25 Samhain 2002 maidir le staitisticí dramhaíola[1] ('an Rialachán'), bunaítear creat chun staitisticí dramhaíola a tháirgeadh san Aontas Eorpach. In Airteagal 8(1) den Rialachán déantar foráil maidir leis an méid seo a leanas:

> *Laistigh de 5 bliana tar éis dháta theacht i bhfeidhm an Rialacháin sin agus gach 3 bliana ina dhiaidh sin, déanfaidh an Coimisiún tuarascáil a chur faoi bhráid Pharlaimint na hEorpa agus na Comhairle maidir leis na staitisticí arna dtiomsú de bhun an Rialacháin sin agus go háirithe maidir lena gcáilíocht agus an t-ualach ar ghnólachtaí.*

Is í seo an seachtú tuarascáil a chomhlíonann an oibleagáid sin. Foilsíodh na tuarascálacha a bhí ann roimhe seo in 2008[2], 2011[3], 2014[4], 2016[5], 2020[6] agus 2022[7].

Cumhdaítear sa tuarascáil atá ann faoi láthair an tréimhse tuairiscithe idir 2020 agus 2022 (sonraí na bliana tagartha), ar tharchuir na Ballstáit sonraí ina leith in 2022 agus 2024 faoi seach.

## 2. Rialachán maidir le Staitisticí Dramhaíola

Bunaítear leis an Rialachán creat chun staitisticí an Aontais a tháirgeadh maidir le giniúint, aisghabháil agus diúscairt dramhaíola.

Áirithítear leis go mbailítear agus go dtuairiscítear sonraí dramhaíola ar bhealach comhsheasmhach ar fud Bhallstáit an Aontais agus thíortha an Limistéir Eorpaigh Eacnamaíoch (LEE), rud a fheabhsaíonn cruinneas, iontaofacht agus inchomparáideacht staitisticí dramhaíola. Cuirtear an trédhearcacht chun cinn leis agus tugtar rochtain ar shonraí dramhaíola do lucht ceaptha beartas, do thaighdeoirí agus don phobal i gcoitinne.

Ní mór do na Ballstáit sonraí a bhailiú maidir le giniúint dramhaíola (de réir gníomhaíocht eacnamaíoch, teaghlaigh agus foinsí eile), cóireáil dramhaíola (athchúrsáil, aisghabháil, diúscairt, etc.) agus bainistiú dramhaíola (lena n-áirítear iompar agus trádáil dramhaíola), agus iad a chur faoi bhráid an Choimisiúin (Eurostat) gach 2 bhliain laistigh de 18 mí ó dheireadh na bliana tagartha[8].

Foilsíonn Eurostat na sonraí dramhaíola i bhformáid sholáimhsithe, rud a fhágann gur féidir rochtain a fháil orthu go héasca agus comparáid a dhéanamh go héasca ar fud na mBallstát.

---

[1] IO L 332, 9.12.2002, lch. 1. ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2002/2150/2010-10-18.
[2] COIM(2008) 355 leagan deireanach, 13.6.2008.
[3] COIM(2011) 131 leagan deireanach, 17.3.2011.
[4] COM(2014) 79 final, 14.2.2014.
[5] COM(2016) 701 final, 3.11.2016.
[6] COM(2020) 54 final, 14.2.2020.
[7] COM(2022) 719 final, 15.12.2022.
[8] Rialachán (CE) Uimh. 2150/2002, Roinn 7(2) d'Iarscríbhinní I agus II.

Chomh maith leis na staitisticí maidir le giniúint agus cóireáil dramhaíola, tacaíonn na sonraí a bhailítear tríd an Rialachán freisin le staitisticí maidir le hábhair bheartais, amhail an geilleagar ciorclach[9] agus Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe[10].

## 3. Gníomhaíochtaí ó foilsíodh an tuarascáil deiridh

### 3.1. Athruithe ar an bhformáid tuairiscithe

In éineacht leis na sonraí a thuairiscíonn siad don Choimisiún (Eurostat) faoin Rialachán, seolann na Ballstáit tuarascáil cháilíochta freisin. Ó bhí bailiúchán sonraí 2024 ann, rinneadh formáid na tuarascála cáilíochta a uasghrádú go dtí an struchtúr meiteashonraí comhtháite aonair [11], creat tuairiscithe caighdeánaithe lena gcomhtháthaítear meiteashonraí agus faisnéis cháilíochta i bhformáid chomhchuibhithe trí úsáid a bhaint as caighdeán idirnáisiúnta teicniúil (malartú sonraí staidrimh agus meiteashonraí). Leis an uasghrádú sin, soláthraítear struchtúr níos mionsonraithe agus níos láidre, atá ailínithe le dea-chleachtais ar fud réimsí staidrimh éagsúla. Thairis sin, tá tábla nua sa tuarascáil cháilíochta chun measúnú a dhéanamh ar shaincheisteanna cumhdaigh, chun gur féidir bearnaí i gcuntasaíocht dramhaíola a shainaithint agus chun feabhas a chur ar chruinneas foriomlán na meastachán ar ghiniúint dramhaíola.

### 3.2. Cruinnithe na meithle um staitisticí dramhaíola

Chun inchomparáideacht agus cáilíocht na sonraí a fhorbairt, eagraíonn Eurostat cruinnithena meithle um staitisticí dramhaíola, lena n-áirítear saineolaithe náisiúnta ó institiúidí staidrimh náisiúnta Bhallstáit an Aontais, CSTE agus tíortha is iarrthóirí. Ó bhí an tuarascáil dheireanach ann (in 2022), bhí cruinnithe bliantúla ann, a mhair lá go leith an ceann, inar phléigh an mheitheal an geilleagar ciorclach, tuairisciú ar dhramhaíl chathrach, dramhaíl talmhaíochta, sloda séarachais agus dramhaíl mhianrach agus lámhleabhar Eurostat le haghaidh 2024.

### 3.3. Cuairteanna ar thíortha

Tugann an Coimisiún (Eurostat) cuairteanna déthaobhacha ar thíortha chun ábhair theicniúla a phlé agus chun tuiscint níos fearr a fháil ar an modheolaíocht a chuirtear i bhfeidhm agus ar na himpleachtaí atá aici ar inchomparáideacht sonraí. Tugadh ceithre chuairt ó bhí an tuarascáil deiridh ann: chuig an Ísiltír, chuig an Spáinn, chuig an bhFionlainn agus chuig an mBulgáir. Díríodh sna cuairteanna ar na sonraí a tuairiscíodh faoin Rialachán, agus tugadh aghaidh freisin ar shruthanna dramhaíola breise (i.e. cur amú bia, ceallraí, dramhaíl leictreonach agus leictreach agus feithiclí a bhfuil a ré caite) i gcás inarb ábhartha. Cuireann cuairteanna den sórt

[9] Creat faireacháin - An geilleagar ciorclach - Eurostat
[10] Faisnéis maidir le sonraí - Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe - Eurostat
[11] Moladh (AE) 2023/397 ón gCoimisiún an 17 Feabhra 2023 maidir le tuarascálacha meiteashonraí tagartha agus cáilíochta don Chóras Staidrimh Eorpach, lena n-ionadaítear Moladh 2009/498/CE maidir le meiteashonraí tagartha don Chóras Staidrimh Eorpach,
IO L 53, 21.2.2023; ELI: http://data.europa.eu/eli/reco/2023/397/oj.

sin feabhas ar an gcumarsáid agus fágann siad gur féidir malartuithe a dhéanamh leis an tír ábhartha maidir le modheolaíocht, rud a thugann tuiscint níos fearr ar phróisis agus ar dhúshláin gach tíre i ndáil le staitisticí dramhaíola. Ina theannta sin, is bealach níos tapúla agus níos éifeachtaí iad na cuairteanna chun saincheisteanna casta a phlé agus a réiteach.

## 3.4. Cáilíocht na sonraí a tarchuireadh ó bhí an tuarascáil deiridh ann

### *3.4.1. Tráthúlacht*

I gcomparáid le blianta eile, d'fhan comhlíonadh an sprioc-ama tuairiscithe maidir le bailiú sonraí cobhsaí leis an mbliain tagartha 2020 agus leis an mbliain tagartha 2022.

Cuireadh tacair sonraí giniúna agus cóireála dramhaíola isteach in am go ginearálta. I gcás na bliana tagartha 2020, chuir 25 Bhallstát agus tír LEE amháin a gcuid sonraí isteach in am, agus i gcás na bliana tagartha 2022, chomhlíon 21 Bhallstát agus dhá thír LEE an sprioc-am chun iarratas a chur isteach.

Mar sin féin, bhí moilleanna ar tharchur na sonraí le haghaidh na bliana tagartha 2022 ag roinnt tíortha. Chuir tíortha tuarascálacha cáilíochta isteach freisin tar éis an sprioc-ama, agus dhá thír de chuid an Aontais fós ar feitheamh, b'fhéidir mar gheall ar fhormáid nua na tuarascála cáilíochta a tugadh isteach an bhliain sin. Fuarthas aighneachtaí deonacha freisin ó shé thír de chuid na mBalcán Thiar (an Bhoisnia agus an Heirseagaivéin, Montainéagró, an Mhacadóin Thuaidh, an Albáin, an tSeirbia agus an Chosaiv*) agus ón Tuirc, agus chuir ceithre thír tacair sonraí iomlána agus tuarascálacha cáilíochta isteach in am. Sheol Eurostat meabhrúcháin agus rinne sé idirghabháil i gcásanna neamhthíolactha. Foilsíodh na sonraí bailíochtaithe i mbunachar sonraí ar líne Eurostat le haghaidh na mblianta tagartha 2018, 2020 agus 2022, in éineacht le hailt Statistics Explained agus táirgí faisnéise eile[12].

### *3.4.2. Iomláine*

Tá na sonraí giniúna dramhaíola i bhfad níos iomláine ó bhí an bhliain 2010 ann. Tá laghdú mór tagtha ar an líon figiúirí atá in easnamh agus ar an líon tíortha a sheol freagraí nach raibh iomlán, agus níor thuairiscigh aon tír de chuid an Aontais ná de chuid LEE figiúirí atá in easnamh don dá bhliain tagartha. Chuir sé thír de chuid na mBalcán Thiar (an Bhoisnia agus an Heirseagaivéin, Montainéagró, an Mhacadóin Thuaidh, an Albáin, an tSeirbia agus an Chosaiv) agus an Tuirc a dtuarascálacha giniúna dramhaíola isteach freisin le haghaidh na bliana tagartha 2022.

---

* Ní dochar an t-ainmniú seo do sheasaimh maidir le stádas, agus tá sé ag teacht le UNSCR 1244/1999 agus le tuairim CBI maidir le dearbhú neamhspleáchais na Cosaive.

[12] Míreanna nua (bliain tagartha: 2022): https://ec.europa.eu/eurostat/en/web/products-eurostat-news/w/ddn-20241017-1
táscairí bainistithe dramhaíola: https://ec.europa.eu/eurostat/statistics-explained/index.php?title=Waste_management_indicators.

Tháinig feabhas comhchosúil ar shonraí cóireála dramhaíola, agus níor tuairiscíodh go raibh aon fhigiúir in easnamh le haghaidh na mblianta tagartha 2020 agus 2022. Mar sin féin, tuairiscíonn roinnt tíortha sonraí rúnda, lena n-éilítear láimhseáil rúndachta tánaistí bhreise chun cosc a chur ar shonraí íogaire náisiúnta a dhíorthú ó na sonraí rúnda. Áirithítear leis an nós imeachta sin go leanfaidh faisnéis rúnda de bheith faoi chosaint agus, an tráth céanna, go bhféadfar sonraí comhiomlána a fhoilsiú.

### *3.4.3. Ábharthacht*

Cuirtear faisnéis chuimsitheach ar fáil sa tacar sonraí maidir leis an dramhaíl a ghintear agus maidir lena cóireáil. Déantar dramhaíl a aicmiú de réir substainte agus earnáil gníomhaíochta, agus dírítear go príomha ar bhainistiú dramhaíola. Mar sin féin, ní thugtar aghaidh leis go hiomlán ar dhramhaíl mar acmhainn, toisc go bhfuil teorainneacha aige, lena n-áirítear easpa sonraí maidir le rátaí athchúrsála, allmhairiú agus onnmhairiú dramhaíola agus réamhchéimeanna próiseála. Thairis sin, tá saintréithe dramhaíola dinimiciúil agus d'fhéadfaí go ndéanfar substaintí a chomhaireamh faoi dhó. D'fhéadfadh an dá fhachtóir sin difear a dhéanamh do chruinneas. Cé go bhfuil na sonraí úsáideach chun bonneagar dramhaíola a bhainistiú, fágann na heasnaimh sin nach bhfuil siad go hiomlán oiriúnach chun faireachán a dhéanamh ar chleachtais an gheilleagair chiorclaigh.

### *3.4.4. Cruinneas*

Áirithítear cruinneas na sonraí giniúna dramhaíola trí chur chuige cuimsitheach lena gcomhcheanglaítear staitisticí ó gach earnáil eacnamaíoch agus ó gach teaghlach, lena n-áirítear dramhaíl thánaisteach agus gnólachtaí beaga. Chun aghaidh a thabhairt ar bhearnaí a d'fhéadfadh a bheith sa chumhdach, forlíonadh sonraí le faisnéis ó fhoinsí riaracháin nó ó mheastacháin. Le blianta beaga anuas, tá treocht ann i dtreo spleáchas méadaithe ar fhoinsí riaracháin, agus suirbhéanna samplacha staidrimh á n-úsáid ar bhealach níos roghnaithí chun sonraí comhlántacha a bhailiú agus chun na bearnaí atá fós ann a líonadh.

Tá an cur chuige sin éifeachtúil agus éifeachtach, toisc go ngiarálann sé na sonraí riaracháin atá ar fáil agus sonraí suirbhé spriocdhírithe chun sonraí ardcháilíochta a tháirgeadh maidir le giniúint dramhaíola. Baineann an modh sin leas as láidreachtaí an dá fhoinse sonraí. Ciallaíonn sé sin go bhfuil sé ailínithe le Cód Cleachtais an Staidrimh Eorpaigh, lena gcuirtear úsáid foinsí sonraí atá ann cheana chun cinn agus lena n-íoslaghdaítear an t-ualach ar fhreagróirí. Mar thoradh air sin, tagann méadú ar chruinneas agus ar iontaofacht na sonraí giniúna dramhaíola, rud a chuireann bunús láidir faoi chinnteoireacht eolasach. Chuidigh seiceálacha Eurostat ar thuarascálacha cáilíochta, a chuireann sonraí an chláir gnó i gcomparáid le sonraí an chórais tuairiscithe dramhaíola, le hiontaofacht a fheabhsú. Cé go bhfuil na rátaí freagartha íseal, tugann neamhréireachtaí i dtacair sonraí le fios go ndéantar gannmheastachán níos lú ná 10 % ar an méid dramhaíola a ghintear. D'fhéadfadh míchruinnis tarlú mar gheall ar chomhiomlánú míchuí laistigh de chóid NACE, rud a d'fhéadfadh a fhágáil go ndéantar rómheastachán ar dhramhaíl tí.

Ar an iomlán, cé go bhfuil roinnt teorainneacha fós ann, tá feabhas leanúnach ag teacht ar cháilíocht na sonraí, agus tá iarrachtaí á ndéanamh chun aghaidh a thabhairt ar na dúshláin atá fós ann agus chun sonraí giniúna dramhaíola níos cruinne agus níos inchomparáide a áirithiú.

### *3.4.5. Inrochtaineacht agus soiléireacht*

I gcomhréir leis an Rialachán, cuirtear staitisticí dramhaíola ar fáil trí bhunachar sonraí cuimsitheach agus ailt shoiléire bheachta ar shuíomh gréasáin Eurostat. Cuirtear ar a gcumas d'úsáideoirí leis an mbonneagar íoslódálacha saincheaptha a chruthú agus soláthraítear leis tuarascálacha meiteashonraí agus cáilíochta comhtháite ar mhaithe le tuiscint níos fearr. Léirítear le haiseolas ó úsáideoirí go bhfuil siad an-sásta le hinrochtaineacht sonraí, agus bhain formhór na bhfiosrúchán le huimhreacha foilsithe a léirmhíniú seachas rochtain a fháil ar na sonraí, rud a thugann le fios gur foinse eolais sholáimhsithe iomasach é bunachar sonraí Eurostat. Trí rochtain éasca ar staitisticí dramhaíola a chur ar fáil, cuireann Eurostat ar a gcumas do páirtithe leasmhara ar fud an Aontais cinntí eolasacha a dhéanamh agus cuireann sé trédhearcacht chun cinn in earnáil an bhainistithe dramhaíola.

### *3.4.6. Inchomparáideacht*

Is iondúil go mbíonn inchomparáideacht ard idir na sonraí ó thír go tír, mar gheall ar shainmhínithe agus aicmithe coiteanna. Mar sin féin, tá dúshláin fós ann, go háirithe maidir le sonraí dramhaíola guaisí, toisc go bhféadfadh sainmhíniú éagsúil ar 'ghuais' a bheith ag reachtaíocht náisiúnta gach tíre. Cuireann ceannas na dramhaíola mianraí, arb í is cúis le thart ar dhá thrian den dramhaíl iomlán, bac freisin ar chomparáidí idir tíortha. Chun é sin a mhaolú, foilsíonn Eurostat sonraí le haghaidh an táscaire 'Dramhaíl gan mórdhramhaíl mianraí a áireamh', rud a chuidíonn le comparáidí trastíre níos cruinne a dhéanamh.

Leanann formhór na mBallstát de cháilíocht agus d'éifeachtúlacht sonraí a fhorbairt trí bhailiú agus modhanna sonraí feabhsaithe. Mar sin féin, is féidir leis na feabhsuithe sin bristeacha a chruthú san amshraith, a dtugann na Ballstáit aghaidh orthu trí thacair sonraí a athbhreithniú agus trí úsáideoirí a chur ar an eolas faoi aon athbhreithniú. Is neamhleanúnachais iad sin a dtarraingíonn Eurostat aird orthu sna tacair sonraí a fhoilsíonn sé.

### *3.4.7. Comhleanúnachas*

Léirítear leis na staitisticí dramhaíola ardleibhéal comhleanúnachais, ar léiriú é ar an gcaoi ar féidir iad a chomhcheangal ar bhealaí éagsúla agus le haghaidh úsáidí éagsúla. Déantar meastóireacht ar chomhleanúnachas thar thrí ghné: comhleanúnachas le cuntais náisiúnta, comhleanúnachas trasréimse eile agus comhleanúnachas inmheánach. Maidir le staitisticí dramhaíola, áirithítear comhleanúnachas inmheánach trí aschuir a dhéanamh de shonraí loma go comhsheasmhach.

Maidir le comhleanúnachas trasréimse, tá nósanna imeachta bailíochtaithe i bhfeidhm chun staitisticí dramhaíola a chur i gcomparáid le tacair sonraí ábhartha eile, amhail dramhaíl ó threalamh leictreach agus leictreonach (DTLL), dramhaíl ó phacáistíocht, agus cur amú bia.

Cé go gcuidíonn na nósanna imeachta sin le neamhréireachtaí a laghdú, tá roinnt neamhréireachtaí fós ann, go príomha mar gheall ar dhifríochtaí i ranna táirgthe sonraí.

Mar sin féin, léirítear comhleanúnachas le cuntais náisiúnta go maith leis an ngaolmhaireacht idir giniúint dramhaíola agus táscairí socheacnamaíocha, amhail OTI per capita agus caiteachas rialtais i mbainistiú dramhaíola. Mar shampla, léirítear leis na sonraí comhghaol dearfach idir giniúint dramhaíola per capita agus OTI per capita. Mar sin féin, níl an gaol idir giniúint dramhaíola agus caiteachas ar bhainistiú dramhaíola chomh soiléir céanna, agus léirítear pátrúin éagsúla i mbraislí tíortha ar leith.

Ina theannta sin, ós rud é go gcomhcheanglaítear leis an tacar táscairí bainistithe dramhaíola sonraí cóireála arna mbailiú faoin Rialachán le sonraí allmhairiúcháin/onnmhairiúcháin ó staidreamh trádála idirnáisiúnta (bunachar sonraí COMEXT) nó ó fhoinsí náisiúnta, déantar meastóireacht freisin ar chomhleanúnachas le staidreamh trádála idirnáisiúnta in earraí. Leagtar béim sna torthaí sin ar chastacht an chaidrimh idir giniúint dramhaíola, gníomhaíocht eacnamaíoch, agus tionchair ar an gcomhshaol, chomh maith leis an tábhacht a bhaineann le hiarrachtaí leanúnacha chun comhleanúnachas agus comhsheasmhacht sonraí a fheabhsú.

### 3.5. Anailís ar na sonraí

Thug bailiú sonraí 2022 léargas luachmhar ar threochtaí agus ar fhorbairtí i nginiúint agus i mbainistiú dramhaíola. Go háirithe, léiríodh leis na sonraí laghdú leanúnach ar ghiniúint dramhaíola tí agus dramhaíola comhchosúla[13], chomh maith le laghdú mór ar líonadh talún díreach an tsrutha dramhaíola sin. Ina theannta sin, tháinig méadú ar bhailiú ar leithligh sruthanna dramhaíola áirithe ó theaghlaigh, amhail gloine, plaisteach agus bithdhramhaíl.

Cé gur léiríodh leis na sonraí leibhéil shásúla cháilíochta, sainaithníodh deiseanna feabhais, go háirithe maidir le sruthanna dramhaíola amhail sloda séarachais, dramhaíl talmhaíochta agus dramhaíl tógála. Chuir Eurostat feabhas ar a threoraíocht chun aghaidh a thabhairt ar aicmiú neamhréireach dramhaíola mianadóireachta ar fud na dtíortha.

Tugadh léargas san anailís freisin ar na dúshláin atá roimh an ngeilleagar ciorclach, go háirithe maidir le sruthanna dramhaíola plaisteacha agus teicstíle. Tugadh faoi deara éagothromaíochtaí móra i modhanna giniúna agus cóireála per capita, agus roinnt tíortha ag brath go mór ar onnmhairí nó ar líonadh talún mar gheall ar acmhainneacht athchúrsála intíre theoranta. Léirítear leis na torthaí sin gur gá feabhas a chur ar bhonneagar, spleáchas ar onnmhairí a laghdú agus sainmhínithe a chomhchuibhiú.

Chun aghaidh a thabhairt ar na saincheisteanna sin, leathnaigh Eurostat an ceistneoir chun tuairisciú deonach ar allmhairí/onnmhairí dramhaíola agus catagóirí ábhartha eile a chur san áireamh chun giniúint agus cóireáil dramhaíola a réiteach. Méadófar leis sin ní hamháin cáilíocht na meastachán ach soláthrófar freisin faisnéis ábhartha i gcomhthéacs an gheilleagair chiorclaigh freisin.

---

[13] Dramhaíl nach ngineann teaghlaigh ach a bhfuil a comhdhéanamh cosúil le comhdhéanamh dramhaíola tí. I measc na samplaí tipiciúla tá dramhaíl ó ghnólachtaí beaga, oifigí, scoileanna agus saoráidí poiblí amhail páirceanna a ghineann cineálacha dramhaíola atá cosúil leis an dramhaíl ó áiteanna cónaithe.

### 3.6. Ualach riaracháin

Leis na ceanglais tuairiscithe maidir le staitisticí dramhaíola, forchuirtear ualach riaracháin ar ghineadóirí dramhaíola agus ar ghnólachtaí atá speisialaithe i mbainistiú dramhaíola. I gcomhréir leis an Rialachán, féadfaidh cuideachtaí beaga (a bhfuil níos lú ná 10 bhfostaí acu)[14] an t-ualach sin a mhaolú trí shonraí arna mbailiú go díreach ag na Ballstáit a chur in ionad an tuairiscithe.

Glacann na Ballstáit cineálacha éagsúla cur chuige maidir le sonraí a bhailiú, lena n-áirítear suirbhéanna, sonraí riaracháin nó meascán de shuirbhéanna agus sonraí riaracháin. Comhcheanglaítear leis na sonraí riaracháin sonraí a bhailítear chun críoch eile, amhail sonraí le haghaidh cánachais, faireachán comhshaoil nó bainistiú náisiúnta dramhaíola.

Chun bailiú cruinn sonraí a áirithiú, cuireann Eurostat cúnamh teicniúil agus oiliúint ar fáil do thiomsaitheoirí náisiúnta, bailitheoirí sonraí agus freagróirí araon.

Tugtar faoi deara go bhfuiltear ag brath ar shonraí riaracháin in thart ar 12 Bhallstát chun sonraí a bhailiú, agus go n-úsáideann cúig Bhallstát suirbhéanna staidrimh. Tugadh faoi deara freisin go bhfuil méadú ag teacht ar an líon tíortha atá ag glacadh cur chuige comhcheangailte.

Bhí thart ar 6 325 fhreagróir ann, agus chaith gach duine acu níos lú ná uair an chloig ag líonadh isteach an cheistneora. Maidir le meastachán costais, bunaithe ar anailís chuimsitheach ar thuarascálacha cáilíochta agus ar shonraí suirbhé, is é thart ar EUR 2.2 milliún (EUR 186 000 ar an meán in aghaidh an Bhallstáit in aghaidh na bliana) an t-ualach iomlán ar chuideachtaí ar fud an Aontais.

I gcomhréir le hiarrachtaí an Choimisiúin an t-ualach riaracháin a laghdú agus na ceanglais tuairiscithe a shimpliú, is cosúil go bhfuil cothromaíocht agus ualach comhréireach ag baint leis an gceistneoir atá ann faoi láthair maidir leis na cuspóirí atá á saothrú. Le húsáid sonraí riaracháin agus cineálacha cur chuige comhcheangailte ag na Ballstáit, rannchuidítear leis an ualach ar ghineadóirí dramhaíola agus ar ghnólachtaí a íoslaghdú. Ar an iomlán, is cosúil go bhfuil na ceanglais tuairiscithe atá ann cheana maidir le staitisticí dramhaíola éifeachtach maidir leis na sonraí is gá a bhailiú agus an t-ualach riaracháin á choinneáil chomh híseal agus is féidir, rud a thacaíonn le sprioc an Choimisiúin an t-ualach a laghdú agus a shimpliú.

## 4. Bearta feabhsúcháin

Chun feabhas a chur ar na sonraí uimhriúla a thuairiscítear faoin Rialachán, shaothraigh Eurostat réiteach tapa éifeachtúil lenar tugadh aghaidh ar phríomhriachtanais faisnéise le haghaidh bainistiú dramhaíola nua-aimseartha, go háirithe chun faireachán a dhéanamh ar an

---

[14] Láimhseáiltear ar bhealaí éagsúla díolúine na gcuideachtaí beaga ó shuirbhéanna. Cumhdaíonn roinnt tíortha cuideachtaí beaga trí shuirbhéanna samplacha a dhéanamh agus na torthaí a eachtarshuí. Eisiatar cuideachtaí beaga go hiomlán i bhformhór na dtíortha, áfach, i gcomhréir le hAirteagal 3(2) den Rialachán, ar rialachán é lena gceadaítear fiontair a bhfuil níos lú ná 10 bhfostaí acu a eisiamh ó shuirbhéanna, seachas sa chás go gcuireann siad go mór le giniúint na dramhaíola. De rogha air sin, d'fhéadfaí na figiúirí a eachtarshuí trí shamhlacha meastacháin atá bunaithe ar tháscairí a úsáid. Tá tairseacha eisiaimh éagsúla leagtha amach ag tíortha, arna gcinneadh den chuid is mó tríd an líon fostóirí nó an méid dramhaíola a ghintear in aghaidh na bliana. Déanann roinnt tíortha an dá chritéir a chomhcheangal chun a áirithiú go gcumhdaítear fiú cuideachtaí beaga trí bhailiú sonraí nuair a sháraíonn siad tairseach na giniúna dramhaíola sainithe.

aistriú chuig geilleagar ciorclach agus chun rátaí athchúrsála a ríomh, ar táscairí ríthábhachtacha iad chun measúnú a dhéanamh ar an dul chun cinn i dtreo chuspóirí comhshaoil agus éifeachtúlachta acmhainní an Aontais.

Dhírigh Eurostat ar an modúl breise a fhorbairt maidir le giniúint agus cóireáil dramhaíola a réiteach, rud a fhágann go bhfuil sonraí dramhaíola níos ábhartha agus níos cuimsithí. Tá cúig thábla mhionsonraithe sa mhodúl lena rianaítear sruthanna dramhaíola ó ghiniúint go cóireáil, táblaí lena gcumhdaítear allmhairí agus onnmhairí, réamhchóireáil, cóireáil theirmeach agus aisghabháil ábhair. Leis an gcur chuige sin, cuirtear faisnéis níos mionsonraithe ar fáil maidir le sruthanna dramhaíola agus is féidir rátaí athchúrsála agus aisghabhála le haghaidh cineálacha dramhaíola aonair a ríomh go cruinn.

D'ainneoin tuairisciú teoranta ar an modúl deonach sin i mbabhtaí tuairiscithe 2022 agus 2024, bhain Eurostat úsáid as na haighneachtaí is cuimsithí chun léaráidí Sankey a chruthú, lena soláthraítear léiriú amhairc ar shruthanna dramhaíola agus lena sainaithnítear bearnaí sonraí. Tá roinnt sonraí curtha ar fáil leis na léaráidí sin, mar aon le comhairliúcháin leis na tíortha is fearr feidhmíocht, agus réitíodh leo an bealach do thuairisciú níos iontaofa agus níos cuimsithí amach anseo.

Chun anailís a dhéanamh ar an ngeilleagar ciorclach agus chun é a dhéanamh níos simplí faireachán a dhéanamh ar fheidhmíocht athchúrsála agus aisghabhála ábhar ar fud sruthanna dramhaíola aonair, thug Eurostat isteach na cuntais dramhaíola, creat modheolaíochta agus cur chuige chun sonraí a chomhtháthú le leibhéil éagsúla sonraí agus ó roinnt foinsí.

## 5. Conclúidí

Leis na sonraí arna dtiomsú de bhun an Rialacháin, cuirtear foinse chuimsitheach iontaofa faisnéise ar fáil maidir le giniúint agus cóireáil dramhaíola san Aontas, lena gcumhdaítear an tréimhse ó 2002 go 2022.

Go ginearálta, cuirtear na sonraí isteach in am agus tá siad de cháilíocht leormhaith chun go measfar iad a bheith iontaofa agus cruinn. Braitheann cáilíocht an tacair sonraí den chuid is mó ar mhodheolaíocht gach tíre, modheolaíocht atá ag feabhsú de réir a chéile le gach timthriall bailithe sonraí. Chuir roinnt tosca leis an bhfeabhsú sin: an spleáchas méadaitheach ar shonraí riaracháin, lena laghdaítear an spleáchas ar eachtarshuíomh, agus an dul chun cinn seasta atá á dhéanamh maidir le bailíochtú sonraí, mar aon le malartú leis na Ballstáit trí threoraíocht, meithleacha agus cuairteanna ar thíortha.

Mar sin féin, tá teorainneacha ag baint leis na sonraí sin mar fhaisnéis maidir leis an ngeilleagar ciorclach agus maidir le húsáid dramhaíola mar acmhainn, mar gheall ar bhearnaí sna sonraí maidir le réamhchóireáil, athaicmiú dramhaíola agus trádáil idirnáisiúnta dramhaíola, rud a chuireann srian ar infhaighteacht faisnéise cuimsithí thar chóireáil agus diúscairt deiridh. Rinne Eurostat bearta leis an meitheal chun an modúl breise a chur chun feidhme, ar modúl é a bailíodh ar bhonn deonach ós rud é nach cuid den Rialachán é; ar an drochuair, bhí an ráta freagartha an-íseal mar gheall ar shrianta acmhainní ar leibhéal na mBallstát, agus dá bhrí sin ní féidir na sonraí sin a úsáid go fóill.

Ós rud é go dtugann an tAontas isteach oibleagáidí tuairiscithe dramhaíola le haghaidh sruthanna sonracha dramhaíola (amhail ceallraí[15], dramhaíl leictreonach[16], cur amú bia[17] agus dramhaíl ó phacáistíocht[18]) faoi threoracha agus rialacháin earnáilsonracha éagsúla, cuirtear tuilleadh faisnéise ar fáil faoi na cineálacha dramhaíola sin. Mar sin féin, is é an Rialachán an t-aon tuairisciú oifigiúil a dhéanann na Ballstáit chuig an gCoimisiún le cumhdach iomlán ar gach cineál dramhaíola. Is uirlis fhíor-riachtanach é sin chun na sruthanna ábhair sa gheilleagar ciorclach a thomhas. Ní dhéanann an Rialachán tomhas maith go leor ar na sruthanna ó bhailiú dramhaíola go cóireáil dramhaíola, agus go háirithe, ach ní hamháin, le haghaidh sruthanna trasteorann dramhaíola. Tá feabhsuithe sonraí sa réimse sin fíor-riachtanach chun iomláine na faisnéise maidir leis an ngeilleagar ciorclach agus ábharthacht thacair sonraí an Rialacháin le haghaidh anailísiú sonraí a choinneáil ar bun.

Ina theannta sin, d'fhéadfaí féachaint an bhféadfaí feabhas a chur ar chomhleanúnachas na staitisticí dramhaíola trí chros-seiceáil a dhéanamh le staidreamh trádála eachtraí agus staitisticí a bhaineann le comhardú na n-íocaíochtaí. Leis sin, níor cheart aon ualach tuairiscithe breise a chur ar na Ballstáit agus shainaithneofaí réimsí le haghaidh feabhsuithe amach anseo ar an modheolaíocht le haghaidh sruthanna dramhaíola idirnáisiúnta, rud a chuirfeadh borradh faoi cháilíocht agus iontaofacht fhoriomlán na staitisticí dramhaíola.

D'ainneoin na dteorainneacha a bhaineann leis, is iad na sonraí a tharchuirtear faoin Rialachán an t-aon fhoinse amháin d'fhorbhreathnú cuimsitheach iomlánaíoch ar bhainistiú dramhaíola ar fud na n-earnálacha eacnamaíocha agus na dteaghlach uile san Aontas. Soláthraítear leis léiriú uathúil cruinn ar fhorbairtí eacnamaíocha, lena n-áirítear treochtaí i nginiúint agus i gcóireáil dramhaíola.

[15] Treoir 2006/66/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 6 Meán Fómhair 2006 maidir le ceallraí agus taisc-cheallraí agus ceallraí dramhaíola agus taisc-cheallraí dramhaíola. IO L 266, 26.9.2006, lch. 1; ELI: http://data.europa.eu/eli/dir/2006/66/2018-07-04.

[16] Treoir 2012/19/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 4 Iúil 2012 maidir le dramhthrealamh leictreach agus leictreonach (DTLL). IO L 197, 24.7.2012, lch. 38; ELI: http://data.europa.eu/eli/dir/2012/19/2024-04-08.

[17] Treoir 2008/98/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 19 Samhain 2008 maidir le dramhaíl agus lena n-aisghairtear Treoracha áirithe. IO L 312, 22.11.2008, lch. 3; ELI: http://data.europa.eu/eli/dir/2008/98/2024-02-18.

[18] Rialachán (AE) 2025/40 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 19 Nollaig 2024 maidir le pacáistíocht agus dramhaíl ó phacáistíocht, lena leasaítear Rialachán (AE) 2019/1020 agus Treoir (AE) 2019/904, agus lena n-aisghairtear Treoir 94/62/CE; IO L, 2025/40, 22.1.2025; ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2025/40/oj.